MET
éireann

# Ráiteas Straitéise

# 2005-2007

**Brollach**
**Focal ón Stiúrthóir**

Leagtar amach, i Ráiteas Straitéise Met Éireann, fís don tSeirbhís don tréimhse go dtí deireadh 2007. Tugann sé aghaidh, chomh maith, ar an gcaoi a gcuirfear an fhís sin i bhfeidhm, le sainchuspóirí liostáilte, agus nuair is féidir, amchlár luaite leo.

Tá sprioc fhadtéarmach leanúnach ag Met Éireann seirbhísí aimsire a sholáthar do mhuintir na hÉireann d'fhonn saol agus maoin an phobail a chosaint, cur le forbairt eacnamaíochta agus cur leis an gcaighdeán maireachtála. Ní mór tosca áirithe a chur san áireamh, áfach, a bhfuil tionchar acu ar threo na Seirbhíse.

I measc na dtosca sin tá siad seo a leanas:

- Ní mór dúinn ár ngníomhartha a shuí níos mó sa fhrámaíocht chomhshaoil náisiúnta níos leithne agus cur le cuspóirí an Rialtais, ar bhonn níos éifeachtaí, sa réimse seo. Is gá, freisin, comhoibriú níos fearr a fhorbairt i measc na rannóg ábhartha sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

- Tá idir sheirbhísí poiblí is sheirbhísí tráchtála á gcur ar fáil ag Met Éireann fós, ach is é an ról seirbhíse poiblí an príomhról againn. Ní mór dúinn athbhreithniú a dhéanamh ar ár ngníomhartha tráchtála sa dá bhliain atá romhainn agus beartú ar na tosaíochtaí a ghlacfaimid chugainn féin sa réimse seo.

- Toisc spéis níos mó a bheith á léiriú ag ár gcustaiméirí i dtáirgí aimsire, in éagsúlacht na modhanna soláthair agus i gcaighdeán an chur i láthair, a bhuíochas le teicneolaíocht an lae inniu, ní mór dúinn ár ndícheall a dhéanamh a chinntiú go mbeidh na córais táirgthe níos éifeachtaí agus go mbeidh na modhanna soláthair níos ilúsáidí.

- De bharr pholasaí an Choimisiúin Eorpaigh le go mbeadh Aonspéir Eorpach ann tá dúshláin i ndán dár seirbhísí eitlíochta toisc go bhfuil rialú ar sheirbhísí eitlíochta deighilte anois ó sholáthar seirbhíse. Caithfear gnáthcheanglais a chomhlíonadh anois chun deimhniúchán a fháil mar sholáthraí seirbhíse. Ina theannta sin, leanfar leis an mbrú ó aerlínte costais a laghdú toisc an dianiomaíocht ina measc.

- Mar chuid den fheidhmiú ar chlár Nuachóirithe na Státseirbhíse beidh ar Met Éireann bealaí cuí a aimsiú chun sochar a bhaint

as na tionscnaimh seo agus cur le pleananna an Rialtais don Státseirbhís.

Tá géarghá le tacaíocht agus rannpháirtíocht fhoireann uile Met Éireann lena chinntiú go mbeidh an Ráiteas Straitéise seo mar cháipéis fheidhmeach agus chun gur féidir an fhís ann a réadú i bPleananna Gnó agus i bPróifílí Róil indibhidiúla. Cuirfear modh oibre córasach ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Ráitis Straitéise seo.

An cuspóir deiridh atá againn i gcónaí ná seirbhís níos fearr agus níos costéifeachtaí a sholáthar do mhuintir na hÉireann.

Déaglán Ó Murchadha
Stiúrthóir, Met Éireann

# Ráiteas Straitéise Met Éireann 2005 – 2007

## Réamhrá

Faoi théarmaí an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (1997), tá sé de cheangal ar gach Roinn Rialtais agus ar gach Oifig Rialtais Ráiteas Straitéise a ullmhú agus a fhoilsiú ag tréimhsí sonraithe. Is Rannóg é Met Éireann de chuid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ach toisc an speisialachas a bhaineann le feidhmeanna Met Éireann agus an leibhéal feinriartha a bhaineann leis laistigh den Roinn, tá sé inmhianaithe go gcuirfeadh Met Éireann Ráiteas Straitéise dá chuid féin a chur ar fáil.

Is cuid den chur i bhfeidhm leanúnach ar an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (SMI) i Met Éireann é an Ráiteas Straitéise seo. Cuireadh ar bun an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) i 2001, agus anois tá an Córas tugtha chun críche - is é sin Ráiteas Straitéise – Plean Gnó Eagrúcháin – PMDS. An dúshlán atá romhainn anois ná na próisis seo a chomhshnaidhmeadh leis an gcultúr agus leis an meon atá i réim ó lá go lá ag gach leibhéal den eagraíocht.

I láthair na huaire, tá luas an n-athruithe sa phobal i gcoitinne agus i Met Éireann ag géarú. Is dócha go mbeidh athrú suntasach tagtha ar an timpeallacht oibre ina bhfuilimid ag feidhmiú i gceann trí bliana. Leagtar amach, sa Ráiteas Straitéise, na hathruithe a bhfuil Met Éireann ag súil leo agus na freagraí atá beartaithe a thabhairt ar na hathruithe sin. Chun a leithéid a bhaint amach ní mór a bheith solúbtha agus oscailte i leith smaointe nua agus a bheith toilteanach athbhreithniú criticiúil leanúnach a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise agus a bheith ullamh ár bpleananna a oiriúnú más gá.

Leanfaidh Pleananna Gnó bliantúla Met Éireann le linn na mblianta 2006 go 2007 an Ráiteas Straitéise seo. Cuirfidh gach Rannóg Pleananna Gnó ar fáil a bheidh sonrach go leor chun gur féidir le gach fostaí a ról a aithint sna téamaí comónta atá ag rith tríd an bPlean Gnó eagrúcháin agus an Ráiteas Straitéise.

Cé go léirítear sa mhéid thuasluaite go gcuirfear an Ráiteas Straitéise agus na Pleananna Gnó ar fáil ceann i ndiaidh a chéile, tá roinnt mhaith den obair déanta ar na Pleananna Gnó cheana féin toisc go raibh páirt shuntasach ag an bhfoireann sa chomhairliúchán agus sa phróiseas pleanála a bhain leo, a bhuíochas le méid na heagraíochta.

# Ráiteas Misin agus Sainúdarás

## Mission Statement

**Our mission is to monitor, analyse and predict Ireland’s weather and climate, and to provide a range of high quality meteorological and related information to our customers.**

## Misean

**An misean atá againn ná breathnú, miondealú agus fáistiniú a dhéanamh ar aimsir agus ar aeráid na hÉireann, agus raon seirbhísí meitéareolaíochta agus eolas gaolmhar den scoth a sholáthar dár gcustaiméirí.**

## Sainúdarás

*Is é atá is gceist sa Ráiteas Misin ná go ndéanfaimid, mar Sheirbhís Meitéareolaíochta, na nithe seo a leanas:*

- ár ndícheall a chinntiú go ndéantar saol agus maoin an phobail a chosaint trí réamhaisnéis aimsire agus rabhaidh thráthúla a eisiúint
- oibriú go héifeachtach ar mhaithe le rathúnas náisiúnta agus le cuspóirí an Rialtais trí sheirbhísí meitéareolaíochta cuí a sholáthar do gach earnáil
- dualgais an Stáit a chomhlíonadh maidir le seirbhísí meitéareolaíochta a sholáthar don earnáil eitlíochta
- sástacht an chustaiméara a chinntiú trí anailís chúramach a dhéanamh ar aiseolas ón úsáideoir deiridh, agus trí fheabhas leanúnach a chur ar raon agus ar chaighdeán ár seirbhísí, ar chostéifeacht ár gcuid oibríochtaí agus ar chaighdeán iomlán na seirbhíse
- timpeallacht oibre ghairmiúil agus thacúil a chothú d'fhonn fostaithe atá tiomanta dá gcuid oibre a mhealladh agus a choinneáil
- a chinntiú go ndéantar bonneagar meitéareolaíochta costéifeachtach den scoth a chothú agus feabhas a chur air, ag teacht le ceanglais agus acmhainní náisiúnta
- cur le caighdeán ár gcartlanna clíomeolaíocha agus rochtain éasca agus éifeachtach a chur ar fáil ar ár mbunachair shonraí
- páirt a ghlacadh san fhorbairt leanúnach atá ar bun ar mheitéareolaíocht agus ar a feidhmeanna, i gcomhar lenár bpáirtithe meitéareolaíochta Eorpacha agus leis an bpobal eolaíochta i gcoitinne
- oibriú ar mhaithe leis an monatóireacht éifeachtach agus leis an dea-bhainistíocht ar an gcomhshaol nádúrtha
- páirt a ghlacadh, maidir le cúrsaí eolaíochta, sa díospóireacht ar athrú aeráide

# Ráiteas Straitéise Met Éireann 2005 - 2007

## An Timpeallacht Sheachtrach

***Seasamh le Pobal na hÉireann.***

Is é Met Éireann an phríomhfhoinse údarásach sa tír i gcomhair seirbhísí agus faisnéis aimsire agus tá meas air mar an soláthraí a chuireann an soláthar is iontaofa ar fáil. Tá láithreacht Met Éireann ar RTÉ fíorthábhachtach. Cibé scéal é, tá dúshláin i ndán do Met Éireann toisc síorathrú na hollchumarsáide, agus ní mór dó oibriú go dian má tá sé chun meas an phobail a choinneáil agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo. Tá níos mó is níos mó spéise á léiriú ag an bpobal inár suíomh Gréasáin, mar fhoinse faisnéise aimsire, agus ag na meáin, mar áit ar féidir ceisteanna a chur maidir le cúrsaí aeráide agus aimsire. Is léir uaidh sin gur gá dúinn leasú leanúnach a dhéanamh ar ár modhanna cumarsáide.

***Tosca Eacnamaíochta.***

Mar chomhlacht poiblí, tá Met Éireann ag brath go mór ar an maoiniú a fhaigheann sé ón rialtas agus dá bhrí sin tá sé faoi réir thionchar na bpolasaithe rialtais atá i réim ar mhaoiniú agus ar sholáthar foirne sa tseirbhís phoiblí. Beidh tionchar i gcónaí ag coinníollacha eacnamaíochta ar an maoiniú agus ar na hacmhainní daonna atá ar fáil.

Toisc go bhfuil gá ag Met Éireann foireann a earcú le saineolas eolaíochta agus teicneolaíochta bíonn sé in iomaíocht le fostóirí eile do na scileanna sin. Faoi láthair tá an iliomad deiseanna fostaíochta ar fáil do dhaoine leis na scileanna sin toisc go bhfuil ag éirí go maith le heacnamaíocht na hÉireann.

***Méadú ar an Éileamh do Sheirbhísí agus do Mhodhanna Soláthair.***

Tá an t-éileamh do shainseirbhísí aimsire ag dul i méid. Ar na réimsí sin tá measúnú agus réamhaisnéis riosca tuile, fuinneamh gaoithe, truailleáin a iompar, samhaltú galair bharraí, táirgí meáin atá níos sofaisticiúla, comhairle agus cúnamh le monatóireacht aimsire chun ceanglais cheadúnais EPA a chomhlíonadh. Tá níos mó spéise á léiriú in Athrú Aeráide agus i gcúrsaí Inathraitheachta.

Táthar ag éileamh anois go mbeadh athruithe ann i gcineál agus i modhanna soláthair ar tháirgí agus ar sheirbhísí reatha agus go ndéanfaí seirbhísí nua a fhorbairt chun sochar a bhaint as teicneolaíochtaí nua. Is féidir le Met Éireann an-úsáid a bhaint as an Idirlíon chun teacht ar a chustaiméirí agus chun táirgí tarraingteacha a thairiscint dóibh toisc go bhfuil an pobal ag léiriú an méid sin spéise in úsáid an Idirlín mar fhoinse faisnéise aimsire.

Agus soláthraithe seirbhísí aimsire eile sa mhargadh anois, ní mór do Met Éireann díriú ar bhrandáil ar a tháirgí amach anseo.

***Comparáid le Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta Eorpacha eile (NMSanna)***

Fiú má chuirtear na héagsúlachtaí agus scála an daonra agus an OTN san áireamh, tá Seirbhís Meitéareolaíochta Náisiúnta na hÉireann ar cheann de na seirbhísí is lú agus is mó faoi bhrú in Iarthar na hEorpa. Beidh ar Met Éireann leanúint lena nuálaíocht agus lena éifeachtacht ionas gur féidir leis cur leis an raon táirgí agus seirbhísí a chuireann sé ar fáil dá chustaiméirí.

***Comhoibriú Idirnáisiúnta Méadaithe***

Tá an leibhéal comhoibrithe i measc seirbhísí meitéareolaíochta na hEorpa ag dul i méid agus cuireann sé seo deiseanna ar fáil do Met Éireann feabhas a chur ar a chuid seirbhísí. Ar na seirbhísí sin tá cláir nua satailíte EUMETSAT agus SAF; táirgí feabhsaithe ó ECMWF agus HIRLAM; sochair bainte as cláir EUMETNET ar nós EUCOS. Cuireadh Met Alliance ar bun le déanaí, grúpa atá ann chun comhoibriú a chothú sa mheitéareolaíocht eitlíochta i measc na dtíortha seo a leanas: An Ostair, an Bheilg, Éire, an Ísiltír agus an Eilvéis.

***Dul Chun Cinn Eolaíochta agus Teicneolaíochta***

Leis an dul chun cinn idirnáisiúnta agus náisiúnta i dtaighde, agus i TFC, tá modhanna nua á soláthar an t-am ar fad chun feabhas a chur ar réamhaisnéisí ríomhairebhunaithe. Is féidir anois faisnéis príomha meitéareolaíochta a bhailiú toisc an dul chun cinn atá á dhéanamh in ionstraimíocht mheitéareolaíochta.

***Méadú ar an Iomaíocht i nGníomhaíochtaí Tráchtála.***

Le cúpla bliain anuas tá comhlachtaí príobháideachta meitéareolaíocht, atá lonnaithe in Éirinn nó thar lear, i bhfad níos gníomhaí i margadh na hÉireann agus tá meas an phobail á ghnóthú acu freisin. Is dúshlán é seo do Met Éireann mar go mbeidh air bheith níos éifeachtaí san iomaíocht leis na comhlachtaí seo agus díriú an na hearnálacha tráchtála a fheictear dó atá mar chuid tábhachtach dá shainordú. Toisc an iomaíocht seo ag soláthar seirbhísí aimsire tá ceanglais níos doichte ann ó thaobh trédhearcacht cuntasaíochta de.

***Seirbhísí don Earnáil Eitlíochta.***

Ar na nithe atá ag tiomáint na n-athruithe i seirbhísí meitéareolaíochta san earnáil eitlíochta tá an síorbhrú ar an mbonn costais agus athruithe ag an leibhéal rialaithe ag eascairt as an tionscnamh SES - Aonspéir Eorpach. Is é príomhphrionsabal na sábháilteachta an rud is tábhachtaí i gcónaí, gan amhras. Cuirtear brú ar sholáthraithe chuig an tionscal eitlíochta (soláthraithe

seirbhísí meitéareolaíochta san áireamh) a gcuid costais a ísliú toisc go bhfuil dianiomaíocht idir na haerlínte. Mar fhreagra air seo ní mór do Met Éireann leanúint leis an taighde agus bheith níos éifeachtaí maidir leis na seirbhísí a chuireann sé ar fáil don earnáil eitlíochta, measúnú agus feidhm a bhaint as teicneolaíochtaí nua agus seirbhís níos éifeachtaí a chur ar fáil dá réir. Caithfear an dea-chleachtas náisiúnta is fearr a úsáid mar shlat tomhais do na forbairtí seo, ag baint úsáide as na teagmhálacha atá ag Met Éireann leis na comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha, agus rannpháirtíocht Met Éireann sna heagraíochtaí sin. Is dócha go mbeidh na sochair a bhainfear as feidhmiú an ghrúpa Met Alliance an-suntasach maidir leis seo.

Ag an leibhéal rialaithe, ar na rudaí is tábhachtaí a baineadh amach bhí an dul chun cinn ar fheidhmiú an pholasaí SES feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar éifeachtacht an aeriompair san Eoraip. Nuair a bheidh an polasaí seo curtha i gcrích ina iomláine, beidh Met Éireann freagrach d'eagraíocht sheachtrach, don chéad uair riamh, maidir lena sheirbhísí don eitlíocht. Tá athbhreithniú leanúnach á dhéanamh ag an eagraíocht ar an struchtúr casta reachtaíochta a bhaineann le cur i bhfeidhm SES, i gcomhar lenár bpáirtí Met Alliance agus leis na seirbhísí comhpháirteacha eile san Eoraip go ginearálta. agus tríd an gcomhairliúchán sonrach leis an Roinn Iompair. Mar chuid den SES, tá deimhniúchán faighte ag an Rannóg Seirbhísí Eitlíochta i Met Éireann sa chóras cáilíochta bainistíochta ISO 9001:2000.

Chomh maith leis sin, beidh gá dul i gcomhairle leis an Oifig Meitéareolaíochta sa Bhreatain, chun forbairt a dhéanamh ar struchtúir aerspáis níos éifeachtaí, agus b'fhéidir go dtiocfaidh comhlimistéir aerspáis as seo.

Beidh gá i gcónaí, san SES, le trédhearcacht i gcostais a bhaineann le seirbhísí eitlíochta agus cur i bhfeidhm ar chomhscéim táillí le haghaidh seirbhísí meitéareolaíochta a chuirtear ar fáil don eitlíocht ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tá dúshláin mhóra i ndán do Met Éireann toisc na forbairtí seo.

***Comhthéacs Polaitiúil***

Cosúil le gach comhlacht poiblí eile, ní mór do Met Éireann bealaí a aimsiú chun cur leis an gcomhoibriú Thuaidh-Theas agus le comhoibriú na Breataine-na hÉireann.

# Ráiteas Straitéise Met Éireann 2005 - 2007

## Deiseanna agus Bagairtí

**Deiseanna**

- Is féidir le Met Éireann cur lena bhonn custaiméirí agus lena raon táirgí agus seirbhísí anois toisc an méadú atá ag teacht ar an éileamh do sheirbhísí aimsire agus do tháirgí nua.

- Toisc forbairtí i dteicneolaíocht agus i meitéareolaíocht is féidir cineálacha táirgí nua a fhorbairt, feabhas a chur ar chaighdeán agus ar úsáideacht na dtáirgí atá ann cheana féin, na táirgí nua agus seanbhunaithe a sholáthar ar bhealaí nua inúsáidte agus feabhas a chur ar éifeacht táirgeachta.

- Tá an deis ann anois díriú ar acmhainní chun tacú le cuspóirí straitéiseacha na heagraíochta toisc go bhfuil córais bhainistíochta agus scaipeadh eolais bhainistíochta níos fearr i bhfeidhm mar thoradh ar an Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí.

- Leis an gcomhoibriú idirnáisiúnta atá ag dul i méid tá féidearthachtaí ann anois feabhas a chur ar tháirgí trí fheabhsú an bhonneagair mheitéareolaíochta idirnáisiúnta, trí fhorleathnú ar an raon seirbhísí agus trí mheán na socruithe déthaobhacha agus iltaobhacha.

**Bagairtí**

- Bíonn Met Éireann in iomaíocht le cuideachtaí príobháideachta maidir le soláthar seirbhísí áirithe. Toisc go bhféadfadh Met Éireann tús áite a chailliúint i gcodanna den margadh - na meáin, an Idirlíon, seirbhísí teileafóin/fóin phóca ina measc. - d'fhéadfadh ísliú a theacht ar phróifíl Met Éireann agus dá bhrí sin ar a chumas a shainúdarás príomha a chur i bhfeidhm - is é sin réamhaisnéis agus rabhaidh aimsire a sholáthar.

- D'fhéadfadh leibhéil mhaoinithe laghdaithe, nó statacha, dul i gcion go diúltach ar an infheistiú i dteicneolaíocht agus i mbonneagar nua, infheistiú a bhfuil gá mór leis, agus ar an soláthar leanúnach ar sheirbhís den scoth.

- De bharr brú a bheith ann an t-ioncam ón earnáil eitlíochta a laghdú agus toisc go bhfuil éiginnteacht ag baint le cur i bhfeidhm an pholasaí Aonspéir Eorpach tá dúshláin i ndán do Met Éireann ina ghníomhaíochtaí eitlíochta.

- D'fheadfadh deacrachtaí a eascairt as láidreacht an mhargaidh fostaíochta do Met Éireann, ó thaobh earcaíochta de agus ó thaobh foireann eolaíochta agus teicniúla cáilithe a choinneáil, rud a chuirfeadh bac le hiarrachtaí Met Éireann sochar a bhaint as na forbairtí leanúnacha i dteicneolaíocht agus i meitéareolaíocht. Bheadh tionchar aige seo ar a sheirbhís dá chustaiméirí.

## Ráiteas Straitéise Met Éireann 2005 – 2007

## An Timpeallacht Inmheánach

### ***Gníomhaíochtaí Oibríochtúla***

Cuireann Met Éireann raon leathan seirbhísí meitéareolaíochta den scoth ar fáil gach lá dá chustaiméirí, agus iad á soláthar go tráthúil de réir sceideal dúshlánach. Mar thoradh ar an bhfás atá tagtha ar an raon agus líon seirbhísí a chuireann Met Éireann ar fáil agus ar an laghdú ar líon foirne na heagraíochta le deich mbliana anuas, nó mar sin, tá róbhrú ar chúrsaí sna rannóga oibríochtúla agus sna haonaid tacaíochta araon, codanna a bhfuil ról thar a bheith tábhachtach acu i gcabhrú leis an tSeirbhís a ghealltanais a chomhlíonadh.

Cibé scéal é, táthar ag iarraidh deiseanna éifeachtachta a aimsiú agus na deiseanna sin a thapú. Sampla den éifeachtacht sin ná úsáid a bhaint as stáisiúin aimsire uathoibríocha in ionad na stáisiún traidisiúnta le foireann. Tá tionscnamh idir lámha faoi láthair chun trealamh uathoibríoch a shuiteáil i stáisiúin aimsire i ngach áit seachas sna haerfoirt agus i Réadlann Dhairbhre. Réimse eile a bhfuiltear ag díriú air faoi láthair ná éifeachtacht táirgthe réamhaisnéise.

### ***Bonneagar Teicniúil***

Ionas gur féidir le Met Éireann a tháirgí féin a chruthú, mar a bhíonn ar gach Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta eile, ní mór dó bonneagar TFC ar ardchaighdeán agus áiseanna meitéareolaíochta den scoth a bheith aige. Toisc bonneagar Met Éireann, lena stáisiúin sionoptacha agus clíomeolaíochta, lena threalamh radair agus satailíte, lena bhogearraí sofaisticiúla TFC agus a chórais bhogearraí, lena áiseanna anailíse saotharlainne, srl. is féidir le Met Éireann táirgí a chruthú atá incomparáide lena mhacasamhail ag ár bpáirtithe Eorpacha.

### ***Bonn Scileanna***

Tá foireann sároilte ag obair le Met Éireann, le scileanna i raon leathan ábhar meitéareolaíochta agus teicneolaíochta. Tá an fhoireann tar éis cur, ní hamháin le forbairt táirgí agus le soláthar seirbhíse Met Éireann, ach le forbairtí sa mheitéareolaíocht go hidirnáisiúnta chomh maith. Tá an tionscadal seachtrach C4I mar shampla den méid a rinne Met Éireann chun cur le hinniúlacht na hÉireann i réimse an athraithe aeráide.

Tá sé díreach chomh deacair ar Met Éireann na leibhéil scileanna a chothú i saol atá ag athrú go gasta is atá ar gach eagraíocht ghairmiúil/theicniúil eile.

Ach is féidir linn coinneáil suas leis na forbairtí toisc tiomantas na foirne cur lena gcuid scileanna go leanúnach.

Leis na dúshláin atá i ndán don eagraíocht agus na deiseanna a chuireann forbairtí teicneolaíochta agus eolaíochta ar fáil, is léir go gcaithfidh Met Éireann a chinntiú go bhfuil ar a chumas an bonneagar teicniúil a chothú agus a bhreisiú agus go ndéantar an polasaí acmhainní daonna a oiriúnú chuige seo.

***An Clár Nuachóirithe don Státseirbhís***

Ghlac Met Éireann leis na nuálaíochtaí a eascraíonn as an tionscnamh SMI, díreach mar a rinneadh i ngach cuid den Státseirbhís. Ar na nuálaíochtaí sin tá Ráitis Straitéise agus Pleananna Gnó, Comhpháirtíocht, Seirbhís Chustaiméara den Scoth, Frámaíocht Faisnéise Bainistíochta agus PMDS. Cé nach mbíonn sochair na dtionscnamh seo follasach ar an toirt (agus gur féidir leis na hacmhainní a úsáidtear chun na tionscnaimh a chur i gcrích brú a chur ar acmhainní daonna atá cheana féin faoi bhrú), tá torthaí na dtionscnamh ag teacht chun cinn anois ar roinnt mhaith bealaí.

Mar shampla, tá feabhas tagtha ar leibhéal na cumarsáide inmheánaí agus tá modhanna cumarsáide éagsúla in úsáid chun an fhoireann a chur ar an eolas, dála Inlíon Met Éireann agus SPLANC, irisleabhar clúiteach na foirne. Bíonn ár gcustaiméirí ag moladh suíomh Gréasáin Met Éireann. Glacadh go fonnmhar le coincheap na comhpháirtíochta sa tSeirbhís, agus tá na Ráitis Straitéise, na Pleananna Gnó agus an PMDS mar fhrámaíocht mhaith inar féidir pleanáil chorparáideach agus phearsanta agus tuairisciú a dhéanamh. Cuirfear leis an méid seo le forbairtí sa bhreis nuair a chuirfear aiseolas aníos san áireamh sa phróiseas PMDS.

***Maoiniú agus Bainistíocht Airgeadais***

Tá buiséad Met Éireann mar chuid den vóta airgid ag an RCORA.  Le tamall anuas, tá Met Éireann ag feidhmiú ar bhonn Comhaontuithe Buiséid Riaracháin inmheánacha idir an Ard-Rúnaí agus an Stiúrthóir. Cuireann na comhaontuithe seo rompu bunlínte don leithdháileadh airgeadais thar tréimhse trí bliana agus sonraíonn siad an méid údaráis a thabharfar do dhaoine éagsúla maidir le caiteachas. Is ar mhaithe le dea-bhainistíocht airgeadais agus pleanála do Met Éireann go leanfaí lena a leithéid de chomhaontú.

Is caiteachas atarlaitheach an chuid is mó de chaiteachas Met Éireann (m.sh. tuarastail agus costais reatha eile) agus tá an méid caiteachais roghnaigh teoranta, dá bhrí sin, agus bíonn an buiséad faoi bhrú mar thoradh air sin de ghnáth. Athraíonn na riachtanais do chaiteachas caipitil ar threalamh nua meitéareolaíochta agus TFC ó bhliain go bliain agus ba chóir go mbeadh an maoiniú ón Roinn ag teacht leis na hathruithe sin.

Cuireann an RCORA seirbhísí bainistíochta airgeadais ar fáil do Met Éireann. Chuir an RCORA pacáiste nua SBA i bhfeidhm, bunaithe ar an bpacáiste cuntais Oracle, i mí Eanáir 2004. Leis an bpacáiste seo is féidir cuntais a dhéanamh ar bhonn airgid thirim agus ar bhonn fabhruithe, rud a chuideoidh le leibhéil chuntasachta agus le freagracht airgeadais a roinnt ar dhaoine de réir an SMI. Chomh maith leis sin, cuirfidh sé tuarascálacha agus anailís airgeadais níos fearr ar fáil don bhainistíocht. Ach is go mall atá buntáistí an chórais seo ag teacht chun cinn.

Tá ceanglais speisialta chuntasaíochta ar Met Éireann a bhaineann lena ghníomhaíochtaí tráchtála agus tá sé de cheangal air táillí a ghearradh ar eitlíocht shibhialta ar bhealach trédhearcach. Dá bhrí sin tá Córas Cuntas Eatramhach neamhoifigiúil i bhfeidhm ó 2001 i leith, ag feidhmiú ag an am céanna leis an gcóras oifigiúil Cuntais Leithghabhála. Bhíothas ag súil go gcuirfí an córas eatramhach as feidhm toisc an SBA nua fabhruithe-bhunaithe na Roinne. Níl córas nua na Roinne ag freastal fós ar riachtanais uile Met Éireann, áfach.

## ***<u>Caidreamh leis an Roinn</u>***

Ó aistríodh Met Éireann chuig an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i 2002, tá fás tagtha ar an gcomhchaidreamh agus ó thaobh Met Éireann de, tá sé níos mó in iúl ar a ról sa fhrámaíocht chomhshaoil níos leithne. Táthar ag baint sochair, diaidh ar ndiaidh, as an gcomhoibriú le codanna áirithe den Roinn sna réimsí seo a leanas- athrú aeráide, caighdeán an aeir agus monatóireacht comhshaoil. Ar na forbairtí dearfacha a tharla le déanaí comhaontaíodh dualgais seirbhíse poiblí Met Éireann leis an Roinn. Cuideoidh sé seo idirdhealú a dhéanamh idir gníomhaíocht seirbhíse poiblí Met Éireann agus gníomhaíochtaí tráchtála.

## ***<u>Saincheisteanna Acmhainní Daonna</u>***

An sainmheon atá i réim i láthair na huaire i Met Éireann ná tiomantas láidir don tseirbhís phoiblí, chomh maith le meas agus tuiscint ar an ról atá ag Met Éireann an costas a bhíonn ar an Státchiste a laghdú agus cur leis an ngeilleagar agus leis an gcaighdeán maireachtála ar bhealach atá i gcomhréir le dlí na hiomaíochta.

Is léir go bhfuil an fhoireann sásta bheith ag obair le Met Éireann mar go bhfuil an ráta coinneála fostaithe an-ard. Tá dea-chaidreamh i measc na foirne uile, i ngach cuid den eagraíocht, rud atá follasach ón gcaidreamh tionsclaíoch síochánta agus ón tslí a ghlactar go fonnmhar le cur chuige na Comhpháirtíochta.

Mar is gnách, tá cúpla saincheist ar ghá aghaidh a thabhairt orthu. Ar na saincheisteanna sin tá an grádstruchtúr. I láthair na huaire tá dhá shruth de ghráid mheitéareolaíochta agus sruth cléireachais ann. Eascraíonn easpa roghanna as seo uaireanta don fhoireann agus don bhainistíocht. Níl mórán

dul chun cinn déanta ar athbhreithniú, ar cuireadh tús leis i 2004, chun dul i ngleic leis an scéal.

Ábhar imní eile ná go bhfuil méadú tagtha ar ról na n-aonad tacaíochta (teicniúil agus riaracháin araon) agus cé go bhfuil méadú éigin tagtha ar an leibhéal soláthar foirne sna haonaid, tá sé deacair coinneáil suas leis an éileamh.

Bheadh sé go maith dá mbeadh an fhoireann in ann bogadh ó phost go post go héasca, ach cuirtear bac leis seo toisc scaipeadh tíreolach na foirne agus toisc an liúntas sealoibre. Cuireann sé seo stop le baill foirne, toisc cúrsaí airgid, athrú ó phost sealoibreach go dtí a mhacasamhail de phost nach bhfuil sealobair i gceist ann.

Ar an iomlán tá caighdeán na cóiríochta sa tSeirbhís go maith agus tugadh faoi thionscadail feabhsúcháin shuntasacha áirithe. Ar na tionscadail sin bhí an obair a rinneadh i Réadlann Dhairbhre. Ach níl an caighdeán sásúil in áiteanna eile; mar shampla tá gá mórobair athchóirithe lasmuigh agus laistigh a dhéanamh ar Cheanncheathrú Met Éireann i nGlas Naíon,

Ní mór nós imeachta éifeachtach agus sofhreagrach a bheith ann maidir le ceadú agus earcú foirne toisc an riachtanach leanúnach atá ann foireann nua agus foireann ar chonarthaí a fhostú agus uaireanta bíonn moill leis seo agus dolúbthacht sa phróiseas. Fáiltítear roimh an méid a dúradh sa Chomhaontú Sustaining Progress maidir leis an tsolúbthacht is cóir a bheith ann sa phróiseas earcaíochta.

Mar eagraíocht eolaíochta is léir go bhfuil gá tacú i gceart le haistriú scileanna mar go mbogann foireann, go bhfaigheann siad ardú céime, nó go dtéann siad ar scor. Is gá go mbeadh trasnáil áirithe ann idir phearsanra atá ag teacht isteach san eagraíocht agus phearsanra atá ag fágáil. Ba chóir polasaí pleanála leanúnachais a chomhshnaidhmeadh leis an bpleanáil daonchumhachta chun nach gcuirfí isteach rómhór ar leanúnachas na hoibre toisc foireann a bheith ag teacht is ag imeacht.

# Ráiteas Straitéise Met Éireann

## Láidreachtaí agus Laigí

### Láidreachtaí

- Tá meas ar Met Éireann i gcoitinne mar an fhoinse “oifigiúil" údarásach le haghaidh seirbhísí agus saineolas meitéareolaíochta in Éirinn. Tá luach ar leith ag baint le "brandáil" Met Éireann.

- Tá foireann shároilite ag obair le Met Éireann, a bhfuil taithí den scoth acu.

- Bíonn foireann na heagraíochta an-dílis don eagraíocht agus tá ráta ard coinneála foirne ann.

- Tá leibhéal maith “esprit de corps” ann i measc na foirne ag gach leibhéal. Sampla maith de seo ná an rath a bhí ar an gComhairle Chomhpháirtíochta.

- Chuir Met Éireann líonra breathnadóireachta aimsire fairsing ar bun, lena n-áirítear roinnt mhaith de na stáisiúin a ritheann eagraíochtaí nó breathnadóirí deonacha eile. Cuirfidh an tionscadal TUSCON do stáisiúin uathoibríocha go mór leis an líonra breathnadóireachta.

- Déanann Met Éireann cothú ar an mBunachar Sonraí Clíomeolaíochta ina bhfuil sonraí aimsire ag dul siar 60 bliain agus tá sé ina chaomhnóir ar Chartlann Clíomeolaíochta na hÉireann.

- Is saineolaithe i bpríomhobair na heagraíochta iad an lucht Stiúrthóireachta agus an lucht Bainistíochta.

- Déanann Met Éireann dea-chaidreamh a cothú le hInstitiúidí Meitéareolaíochta Eorpacha eile.

### Laigí

- Uaireanta bíonn nósanna imeachta na Státseirbhíse sriantach. Mar shampla, toisc nach dtéann an t-ioncam a ghintear ó ghníomhaíochtaí tráchtála isteach i mbuiséad Met Éireann, ní chuirtear aon fhuadar sa bhreis faoin bhfoireann agus iad i mbun na hoibre sin agus is féidir leis sin cur isteach ar ghníomhaíocht tráchtála. Toisc go mbíonn gá dul tríd nósanna imeachta na Státseirbhíse maidir le soláthar, earcaíocht agus cinntí cuirtear moill ar chúrsaí nuair a bhíonn athruithe gasta ag tarlú.

- Tá roinnt saincheisteanna Acmhainní Daonna ar ghá dul i ngleic leo. Ina measc tá:
    - Feidhm AD a aistriú chuig na bainisteoirí líne
    - An gá atá ann cur leis an soláthar foireann sna haonaid tacaíochta
    - Cé go bhfáiltítear roimh chothromaíocht Oibre/Saoil, cuireann sé leis an mbrú ar sholáthar foirne
    - An struchtúr grádúcháin

- Níl na buntáistí céanna ó bharainneachtaí an mhórscála ag Met Éireann is atá ag a iomaitheoirí agus ag seirbhísí náisiúnta meitéareolaíochta eile maidir le soláthar táirgí.

- Tá costais táirgeachta níos airde ag Met Éireann ná a iomaitheoirí go háirithe mar gheall ar fhorchostais agus toisc go bhféadfadh na próisis táirgeachta, i gcásanna áirithe, a bheith níos éifeachtaí ná mar atá.

- Cé go bhfuil Met Éireann in iúl ar riachtanais na n-úsáideoirí ní féidir leis i gcónaí freastal ar na riachtanais sin go gasta toisc go mbíonn na riachtanais ag síorathrú agus toisc easpa acmhainní.

- Táthar ar brath rómhór ar a bhfuil ar eolas ag baill foirne atá ag obair leis an tSeirbhís i sainréimsí áirithe - eolas nach bhfuil i scríbhinn.

- Níor dhearnadh dóthain infheistíochta in oiliúint agus forbairt go dtí seo.

# Cuspóirí agus Straitéise Eagrúcháin

Go dtí seo bhí an Ráiteas Straitéise ag cur síos ar an timpeallacht oibre ina bhfeidhmímid, na dúshláin atá i ndán dúinn agus na tosca a théann i gcion ar ár gcumas tabhairt faoi na dúshláin sin. Anois cuirfimid romhainn cur síos ar na cuspóirí sonracha a bhfuil sé ar intinn againn tabhairt fúthu thar tréimhse trí bliana an Ráitis Straitéise seo agus na straitéisí a úsáidfimid chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

Tabharfar tús áite do chomhlíonadh an cheanglais náisiúnta atá orainn i ndáil le Seirbhís Phoiblí a sholáthar i réamhaisnéis aimsire, rabhaidh, breathnadóireachtaí meitéareolaíochta agus comhshaoil, seirbhísí agus táirgí clíomeolaíochta, chomh maith le taighde agus feidhmeanna eile a bheadh riachtanach chun tacú leo seo. Is iad seo na feidhmeanna a bhaineann le Seirbhís Meitéareolaíochta Náisiúnta. Chun tacú leis seo, déanfaimid ár ndícheall beartú ar shocruithe maoinithe cuí leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Oibreoimid chun ár bpríomh-mhodhanna scaipthe eolais a chothú agus feabhas a chur ar ár gcumarsáid leis na meáin. Cuirfear athruithe suntasacha sa tsiúl maidir le húsáid acmhainní foirne, chomh maith le méadú ar an leibhéal uathoibríochta agus níos mó úsáid a bhaint as teicneolaíocht. Féachfaimid leis an úsáid is fearr a bhaint as an bhfoireann atá ar fáil tríd na hathruithe sna grádstruchtúir agus le cur i bhfeidhm ar Straitéis Acmhainní Daonna 2005-2007. Leanfaimid orainn ag aimsiú deiseanna tráchtála nua fad is atáimid ag déanamh ár ndícheall ár dtáirgí agus ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach costéifeachtach. An dúshlán atá romhainn ná caighdeán na seirbhísí a sholáthraímid dár gcustaiméirí iomadúla a chothú agus a fheabhsú. Is dóigh linn go mbeidh athruithe móra ann, sa 'mhargadh' seirbhísí aimsire agus sa bhealach ina bhfeidhmíonn Met Éireann. Ar na forbairtí suntasacha a rachaidh i gcion ar Met Éireann tá cur i bhfeidhm ar an bpolasaí Aonspéir Eorpach.

Sa chuid a leanas den Ráiteas Straitéise ní mór a mheabhrú go bhfuil sé mar lárchuid de ghnó Met Éireann raon leathan táirgí agus seirbhísí a sholáthar do chustaiméirí agus go mbeidh tús áite i gcónaí ag an freastal sin a dhéanaimid ar ár gcustaiméirí. Cé go bhfuil sé mar aidhm againn feabhas a chur ar an éifeachtacht a bhaineann le soláthar na dtáirgí agus na seirbhísí seo agus forbairtí nua a chur i ngníomh, leagfar béim ar leibhéal na seirbhíse dár gcustaiméirí a chothú. Chun é sin a bhaint amach ní mór dúinn bheith i ndlúth-theagmháil lenár gcustaiméirí agus bheith in iúl, ar bhonn leanúnach, go bhfuil gá againn freagairt go pras ar a riachtanais atá ag síorathrú. Beidh gá le bealaí aiseolais ar shuíomh Gréasáin Met Éireann agus le teagmháil dhíreach le foireann ag an gCraobhchomórtas Náisiúnta Treafa agus ag Seó na mBád.

Leagfaimid amach sa chuid seo a leanas, faoi dheich phríomhcheannteideal, na cuspóirí agus na straitéisí eagrúcháin don tréimhse 2005 go 2007. Nuair ab fhéidir, cuireadh síos go sonrach ar na cuspóirí agus ar na bearta a bhfuil gá leo chun na cuspóirí a bhaint amach go sásúil. Cé nach bhféadfaí bheith chomh sonrach i leith cuspóirí eile ní

bhaineann sé sin óna dtábhacht agus ní cóir a leithéid de chuspóir a fhágáil ar lár díreach toisc go bhfuil sé deacair cur síos air ar bhealach áirithe. Luaitear na príomhrannóga lena mbaineann gach cuspóir. Ní hé sin le rá nach mbeidh foireann ó rannóga eile bainteach leis an gcuspóir áirithe sin. Níl i gceist leis an leagan amach seo ach gur as an Rannóg sin a thagann an cuspóir. Sa chomhthéacs seo, ainmníodh Comhairle Comhpháirtíochta Met Éireann mar an rannóg leis an bpríomhról i mbaint amach roinnt de na cuspóirí.

# 1. Feidhm Réamhaisnéise Seirbhíse Poiblí

## 1. Sprioc Ardleibhéil

***Seirbhís den scoth réamhaisnéise aimsire ginearálta agus rabhaidh maidir le haimsire bhaolach a sholáthar don phobal in Éirinn, mar aon le heolas cabhrach eile - eolas a chuideoidh cosc a chur le tubaistí comhshaoil nó a chuideodh na tubaistí sin a mhaolú.***

**1.1 Cuspóir:** Leanúint ag freastal ar an riachtanas náisiúnta rabhaidh a chur ar fáil maidir le haimsir bhaolach.

**Straitéisí:**

- Teagmhais aimsire a shainaithint ar bhonn leanúnach, ar teagmhais iad a d'fhéadfadh a bheith baolach do shaol nó do mhaoin an phobail agus rabhaidh a eisiúint ar na gnáthbhealaí seanbhunaithe.
- Athbhreithniú a dhéanamh, i gcomhar leis na húdaráis phoiblí chuí, ar na tairsigh rabhaidh aimsire agus ar na modhanna leis na rabhaidh sin a fhógairt (go háirithe modhanna leictreonacha).
- A chinntiú go ndéantar rabhaidh aimsire a fhógair go sásúil trí chomhoibriú i gceart leis na meáin chumarsáide.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Córas rabhaidh le tairseacha rabhaidh dea-shainithe nua-aimseartha, in éineacht le córas éifeachtach leis an rabhadh sin a scaipeadh.
- Cruinneas na rabhadh mar a dhéantar iad a mheas ar dhianchóras fíorthaithe.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Réamhaisnéis Ghinearálta.***

**1.2 Cuspóir:** Leanúint ag freastal ar an riachtanas náisiúnta le haghaidh réamhaisnéisí poiblí ginearálta.

**Straitéis:**

- Leanúint ag soláthar réamhaisnéis chruinn agus an t-eolas sin a scaipeadh i measc an phobail tríd na meáin agus ar shuíomh gréasáin Met Éireann.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Leanúint ag soláthar táirgí réamhaisnéise príomhshrutha.
- Cruinneas na rabhadh mar a dhéantar iad a mheas ar dhianchóras fíorthaithe.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Réamhaisnéis Ghinearálta.***

**1.3 Cuspóir:** Ionchur meitéareolaíochta cuí a sholáthar sa phleanáil éigeandála náisiúnta agus i láimhseáil na n-éigeandálaí a thiteann amach.

**Straitéisí:**

- Idirchaidreamh éifeachtach a chothú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus le húdaráis áitiúla maidir le pleanáil éigeandála.

- Seiceáil a dhéanamh, ó am go ham, ar na seirbhísí meitéareolaíochta oibríochtúla a mbeadh gá leo i gcás éigeandála.

- Tús áite a bheith ag cúnamh a thabhairt i gcás éigeandála.

**Príomhtáscaire Feidhmíochta:**

- Éifeacht an chúnaimh mheitéareolaíocht a chuirtear ar fáil.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Réamhaisnéis Ghinearálta, Taighde agus Feidhmiú.***

**1.4 Cuspóir:** Cur le straitéisí náisiúnta réamhaisnéise tuile

**Straitéisí:**

- Treoir chuimsitheach mheitéareolaíochta a sholáthar d'údaráis áitiúla agus don phobal maidir le tuillte.

- Comhoibriú leis an OPW i gcur i bhfeidhm na moltaí ón nGrúpa Athbhreithnithe ar Thuillte agus a chinntiú go mbíonn tionchar ag ionchur Met Éireann ar ghnéithe ábhartha.

- Nuashonrú a dhéanamh ar an Tuarascáil Staidéir Thuillte.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Cruinneas na treorach a eisíonn Met Éireann maidir le tuillte.

- Go mbeadh ionchur chuí ag Met Éireann sna straitéisí réamhaisnéise tuillte.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: An Rannóg Clíomeolaíochta & Breathnadóireachta, Réamhaisnéis Ghinearálta, Taighde & Feidhmiú***

**1.5 Cuspóir:** Suíomh gréasáin faisnéiseach agus dea-dheartha poiblí a chothabháil

**Straitéisí:**

- Feabhas a chur ar an suíomh gréasáin trí chur leis an raon seirbhísí atá ar fáil ar an suíomh agus trí fheabhas a chur ar nascleanúint an tsuímh.

- Leas a bhaint as cumas na foirne tacaíocht a chur ar fáil don suíomh agus dá fhorbairt leanúnach.

- Feabhas a chur ar nósanna imeachta bainistíochta inmheánacha don suíomh.

- A chinntiú go bhfuil ábhar buan an tsuímh ar fáil as Gaeilge agus as Béarla de réir scéim Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Go gcuirfear an suíomh athdheartha i bhfeidhm faoi dheireadh Ráithe 2, 2006

- Go n-ainmneofar grúpa tacaíochta agus forbartha an tsuímh faoi Ráithe 3, 2006

- Go n-aontófar ar modus operandi tacaíochta agus forbartha an tsuímh faoi Ráithe 1, 2006

- Níos mó úsáide á bhaint ag an bpobal as an suíomh

- Ábhar buan an tsuímh ar fáil as Gaeilge agus as Béarla faoi dheireadh 2007

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Faisnéis Ghinearálta, Taighde agus Feidhmiú, Rannóg Tráchtála agus TF***

**1.6 Cuspóir:** Clár taighde meitéareolaíochta dea-shonraithe a chothú a bheidh dírithe ar réamhaisnéisí a fheabhsú trí fhorbairt sa bhreis a dhéanamh ar chórais Fáistinithe Uimhriúil Aimsire agus ar a bhfeidhmiú.

**Straitéisí:**

- Leanúint leis an ról thar a bheith gníomhach atá againn sa chlár taighde HIRLAM i gcomhar leis na tíortha Nordacha, leis an Ísiltír, leis an Spáinn agus leis an bhFrainc; cur leis an bhforbairt ar an tsamhail neamh-hidreastatach mhéiseascála.

- A chinntiú go mbaintear an méid sochair agus is féidir as na sraitheanna HIRLAM and ECMWF trí mheán an chomhoibrithe i measc pearsanra taighde agus pearsanra réamhaisnéise.

- Raon cuimsitheach táirgí a fhorbairt.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Leanúint leis an rannpháirtíocht i HIRLAM and ECMWF agus leanúint orainn ag baint sochair as a dtáirgí.

- Feabhas fíoraithe ar chruinneas aschuir NWP.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú, Réamhaisnéis Ghinearálta, Seirbhísí Eitlíochta***

**1.7 Cuspóir:** Soláthar foirmiúil sonraí agus seirbhísí meitéareolaíochta do Ranna Rialtais, do Chomhlachtaí Poiblí agus d'Eagraíochtaí Acadúla agus Taighde srl.

**Straitéis:**

- Comhaontú caighdeánach a dhréachtú a chlúdaíonn soláthar sonraí agus seirbhísí mar chuid den fhreagracht seirbhíse poiblí atá ar Met Éireann, i gcomhair cuspóirí múinteoireachta/taighde srl. - go ginearálta, nuair nach bhfuil aon táille eolais bainteach leis.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Comhaontú i bhfeidhm faoi lár 2006

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Rannóg Tráchtála, Rannóg C&B***

# 2. Clár Eitlíochta

## 2. Sprioc Ardleibhéil

***Dualgais an Stáit a chomhlíonadh maidir le soláthar seirbhísí meitéareolaíochta d'eitlíocht agus dul i bhfeidhm ar fhorbairtí eile sa todhchaí sa réimse sin chun an toradh fadtéarmach is fearr agus is féidir a bhaint amach don earnáil eitlíochta.***

**2.1 Cuspóir:** Mar sholáthraí Seirbhíse Meitéareolaíochta d'eitlíocht in Éirinn, seirbhísí a sholáthar mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago, *Procedures for Air Navigation Services* (PANS) agus Foilseacháin *Air Navigation Plan* chomh héifeachtach tíosach agus is féidir

**Straitéisí:**

- Monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar chaighdeán agus ar chineál na seirbhíse a chuirtear ar fáil agus coinneáil suas chun dáta leis na ceanlgais mar atá sonraithe san ICAO.

- Leanúint orainn ar thóir bhealaí éifeachtacha oibre d'fhonn na seirbhísí is costéifeachtaí a chur ar fáil don eitlíocht shibhialta.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Leanúint ag soláthar seirbhísí d'eitlíocht mar atá sonraithe ag ICAO .

- Cruinneas an eolais réamhaisnéise a sholáthraítear.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Seirbhísí Eitlíochta.***

**2.2 Cuspóir:** Moltaí Ghrúpa Oibre na Roinne Iompair a chur i bhfeidhm maidir le táillí meitéareolaíocht a ghearrtar ar eitlíocht.

**Straitéisí:**

- Táillí a ghearrtar ar eitlíocht shibhialta a ríomhadh bunaithe ar chuntais thrédhearcacha agus de réir na modheolaíochta a aontaíodh.
- Cúrsaí riaracháin agus bailiúcháin táillí a ghearrtar ar eitlíocht shibhialta a eagrú go díreach leis an IAA.
- Idichaidreamh a bheith ann le heagraíochtaí a úsáideann eitlíocht de réir Chuspóir 2.3.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Táillí eitlíochta a fhógairt agus a bhailiú de réir sceidil.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Seirbhísí Eitlíochta, Riarachán & Oiliúint.***

**2.3 Cuspóir:** Idirchaidreamh éifeachtach a chothú le húsáideoirí eitlíochta Met Éireann agus úsáid a bhaint as aiseolas chun feabhas a chur ar sheirbhísí.

**Straitéis:**

- Dul i gcomhairle le húsáideoirí eitlíochta agus pleananna soláthar seirbhíse agus feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Cruinnithe agus comhchomhairle a reáchtáil le custaiméirí eitlíochta.

- Seirbhís feabhsaithe a chur ar fáil d'Aerfoirt Réigiúnacha.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Seirbhísí Eitlíochta, Riarachán & Oiliúint.***

**2.4 Cuspóir:** Monatóireacht a dhéanamh ar an tionscnamh Aonspéir Eorpach agus a chinntiú go dtuigtear go maith leasa Met Éireann agus leasa meitéareolaíochta chun gur féidir an tseirbhís is fearr a sholáthar d'úsáideoirí eitlíochta.

**Straitéisí:**

- Coinneáil suas le forbairtí agus iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar thorthaí ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

- Go n-ainmneofaí Met Éireann mar an soláthraí seirbhíse meitéareolaíochta eitlíochta d'Éirinn.

- Dea-chaidreamh agus dea-chumarsáid a chothú leis an Roinn Iompair agus le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann ar shaincheisteanna frithpháirteacha.

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí a bhaineann le ceist Limistéir Fheidhmiúla Aerspáis agus comhthadhlú, más gá, le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann agus le hOifig Meitéareolaíochta na Breataine.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Torthaí sásúla a bhaint amach ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta araon.

- Go n-ainmneofaí Met Éireann mar sholáthraí seirbhíse d'eitlíocht.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Seirbhísí Eitlíochta, Riarachán & Oiliúint.***

# 3. Seirbhísí Aeráide

## 3. Sprioc Ardleibhéil

***Raon cuimsitheach seirbhísí aeráide a sholáthar do gach earnáil bunaithe ar chartlann aeráide nua-aimseartha ar ardchaighdeán, agus, i gcomhar le hionaid saineolais eile, ráitis údarásacha faoin todhchaí a sholáthar maidir le treochtaí aeráide in Éirinn sa todhchaí.***

**3.1 Cuspóir:** Raon seirbhísí aeráide cuí a sholáthar don phobal agus do shainúsáideoirí eolais dá leithéid.

**Straitéisí:**

- Leanúint ag soláthar raon seirbhísí agus eolais clíomeolaíochta don tSeirbhís Phoiblí agus do chustaiméirí Tráchtála araon.
- Dul i mbun feabhsúcháin sa bhonneagar aeráide trí úsáid a bhaint as na stáisiúin uathoibríocha aimsire nua TUCSON sa líonra aeráide.
- Bealaí a aimsiú le próiseáil sonraí aeráide agus táirgí deiridh a dhéanamh níos éifeachtaí.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Freagairt go tráthúil d'iarratais sheachtracha a dhéantar mar atá leagtha amach sa Chairt Chustaiméara.
- Rialú cáilíochta a dhéanamh ar shonraí TUCSON agus iad a chur san áireamh ina n-iomláine sna táblaí bunachair shonraí.
- Táirgí agus sonraí a chur ar fáil in am tráth agus a chinntiú go mbíonn na dtáirgí sin ar ardchaighdeán i gcónaí.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Clíomeolaíocht & Breathnadóireacht..***

**3.2 Cuspóir:** An úsáid is fearr a bhaint as gabháltais sonraí aeráide Met Éireann.

**Straitéis:**

- Bunsonraí aeráide tomhaiste a sholáthar chomh fada agus is féidir, ach fós a bheith ag teacht le polasaí tráchtála agus aisghabhála costais agus le cleachtas ginearálta Eorpach.
- Úsáid sonraí a chur chun cinn i measc an phobail taighde agus i measc earnálacha eile.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Teacht maith ar bhunsonraí cuí ar shuíomh gréasáin Met Éireann.
- Úsáid níos mó á bhaint ag daoine eile as sonraí aeráide.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Clíomeolaíocht & Breathnadóireacht, Rannóg Tráchtála.***

**3.3 Cuspóir:** Cur le rannpháirtíocht Met Éireann i staidéir athraithe aeráide.

**Straitéisí:**

- Tacú go hiomlán leis an Tionscadal C4I, agus ár ndícheall a dhéanamh a chinntiú go leantar leis an tionscadal agus go mbaintear amach a spriocanna.
- Dóthain foirne agus acmhainní oiliúna a leithdháileadh ar an Rannóg Clíomeolaíochta agus Breathnadóireachta chun cur lena inniúlacht sa réimse seo.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Spriocanna Bliantúla an tionscadail C4I a bhaint amach.
- Rannpháirtíocht níos mó ag Met Éireann a bheith le sonrú i saincheisteanna athraithe aeráide.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Clíomeolaíocht & Breathnadóireacht, Taighde & Feidhmiú.***

# 4. Sainfheidhmiú na Meitéareolaíochta

## 4. Sprioc Ardleibhéil

***Arleibhéal saineolais agus rannpháirtíochta a chothú i sainréimsí ar nós na talmhaíochta, an chomhshaoil agus na meitéareolaíochta mara agus úsáid a bhaint as an saineolas seo chun treoir réamhaisnéise agus tacaíocht cinntí a sholáthar.***

**4.1 Cuspóir:** Treoir a sholáthar do na hearnálacha talmhaíochta agus comhshaoil maidir leis an tionchar a bheadh ag an aimsir ar a gcuid oibríochtaí.

**Straitéisí:**

- Sainréamhaisnéisí agus táirgí eile a sholáthar atá oiriúnaithe do riachtanais an phobail feirmeoireachta.

- Eolas agus treoir a sholáthar ar dhálaí meitéareolaíochta reatha agus ar dhálaí meitéareolaíochta a bhí ann roimhe seo agus ar an tionchar a bhíonn acu ar chleachtais talmhaíochta chun cabhrú leo samhaltú a dhéanamh ar fhorbairt barraí agus ar ghalair barraí & galair ainmhithe.

- Leibhéal ard saineolais a chothú i meitéareolaíocht talmhaíochta agus comhshaoil.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Teacht ar threoir ar ardchaighdeán don lucht déanta cinntí i réimsí talmhaíochta agus comhshaoil.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú.***

**4.2 Cuspóir:** Cúnamh a thabhairt san ullmhacht náisiúnta do ráig eile den ghalar crúibe is béil agus do bhagairtí aimsir-iompartha eile.

**Straitéisí:**

- Bailiú eolais agus acmhainní samhaltaithe aimsire leordhóthaineacha a chothú chun ionchur a chur ar fáil don tsamhail trasiompair galair crúibe is béil.

- Saineolas a chothabháil ar ghalar crúibe is béil aimsir-iompartha agus inniúlacht a chothú chun scaipeadh an ghalair seo a shamhaltú.

- Dlúthchomhoibriú a chothú leis an Roinn Talmhaíochta agus Bia agus páirt a ghlacadh i gcleachtaí insamhalta.

- Iniúchadh a dhéanamh ar bhagairtí eile aimsir-iompartha a bheadh baolach don phobal ó thaobh sábháilteachta agus folláine de, m.sh. tubaistí núicléacha, agus teacht ar straitéisí chun dul i ngleic leo.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- An cumas freagairt do ráig galair crúibe is béil tríd an treoir riachtanach a chur ar fáil in am tráth.

- Páirt a ghlacadh i gcleachtaí.

- Bagairtí aimsir-iompartha eile a shainaithint agus oiliúint riachtanach a chur i gcrích faoi dheireadh 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú, Réamhaisnéis Ghinearálta.***

**4.3 Cuspóir:** Réamhaisnéisí agus treoir mhara a sholáthar ar mhaithe le sábháilteacht ar muir agus leasanna tráchtála.

**Straitéisí:**

- Réamhaisnéisí a sholáthar atá curtha in oiriúint don phobal mara.

- Brú ar aghaidh leis an bhforbairt ar an tonnsamhail WAM le linn na tréimhse agus spásáil greille a laghdú chun níos mó treorach áitiúla a thabhairt.

- Tacú leis an bhforbairt ar shamhail aigéin do na huiscí mórthimpeall na hÉireann agus comhoibriú, mar is gá, leis na ranna agus leis na gníomhaireachtaí atá páirteach sa mhonatóireacht mara ar uiscí na hÉireann.

- Comhoibriú ag leibhéal náisiúnta leis an taighde atá idir lámha ar bhorradh stoirme agus i monatóireacht/réamhaisnéis ar thruailliú.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Réamhaisnéisí mara agus cladaigh a eisiúint in am tráth.

- Leanúint leis an mballraíocht ar an nGrúpa Oibre um Shábháilteacht Mara.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú, Réamhaisnéis Ghinearálta.***

**4.4 Cuspóir:** Monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhshaol mara.

**Straitéisí:**

- Tús áite a thabhairt do Líonra Baoithe Sonraí Mara na hÉireann agus do chomhlíonadh ról Met Éireann sa chomhthionscadal seo.

- Comhtháthú ar an mbaoi M1 sa chlár EUCOS/SURFMAR a chur chun cinn.

- Áiseanna níos fearr nó a mhalairt d'áiseanna a lorg do bhreathnadóireacht cósta.

- Bheith dúthrachtach i leith faisnéisí mara a bhailiú ónár longa breathnadóireachta - le hOifigigh Meitéareolaíochta Calafoirt ag cur oiliúna ar chriúnna agus ag soláthar gléasanna mar is gá.

- Cur lenár gcumas breathnadóireachtaí mara a bhailiú agus rialú cáilíochta a dhéanamh orthu sin ó ghníomhaireachtaí seachas Met Éireann, is é sin Coimisinéirí Soilse na hÉireann, Údaráis Calafoirt agus Cuain, agus cuideachtaí fuinnimh gaoithe agus tonnta atá lonnaithe amach ón gcósta.

- Dúthracht a chothú i leith na gclár Dromchla Mara EUCOS.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Na breathnadóireachtaí mara uile a bhailiú agus a chur ar fáil in am tráth do réamhaisnéiseoirí agus in NWP.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú, Réamhaisnéis Ghinearálta.***

**4.5 Cuspóir: Clíomeolaíocht d'uiscí na hÉireann a sholáthar.**

**Straitéisí:**

- Bunachar sonraí a thiomsú do bhreathnadóireachtaí mara mar chuid den bhunús d'atlas mara d'Uiscí na hÉireann agus tuarascálacha aimsire mara a sholáthar.

- Rialú cáilíochta a dhéanamh agus na breathnadóireachtaí mara atá bailithe ag Met Éireann nó ag gníomhaireachtaí eile a stóráil i mbunachar sonraí clíomeolaíochta Met Éireann.

- Maoiniú a lorg le linn na tréimhse chun Atlas Mara na hÉireann a chur ar fáil.

- Tuarascálacha agus staitisticí de dhálaí reatha agus de dhálaí meitéareolaíochta a bhí ann go dtí seo i Limistéar Mara na hÉireann a sholáthar, mar is gá.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Cartlann níos cuimsithí de shonraí mara a chur ar fáil.

- Freagairt go tráthúil d'iarratais do thuarascálacha ar dhálaí meitéareolaíochta mara.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Taighde & Feidhmiú.***

# 5. Seirbhísí Tráchtála

## 5. Sprioc Ardleibhéil

***Dul i mbun gníomhaíocht tráchtála meitéareolaíochta i gcomhréir le dlí na hiomaíochta agus lenár sainúdaráis eile d'fhonn an costas iomlán a bhíonn ar Met Éireann agus ar an Státchiste a laghdú.***

**5.1 Cuspóir:** Dul i mbun gníomhaíochtaí tráchtála brabúsacha i réimse na Meitéareolaíochta.

**Straitéisí:**

- Custaiméirí tráchtála reatha a choinneáil agus iarracht a dhéanamh custaiméirí nua a mhealladh.
- Cur le hioncam agus le brabúsacht na heagraíochta trí fheabhas a chur ar fhorbairt táirgí, trí mhargaíocht níos fearr a dhéanamh agus bheith níos éifeachtaí i dtáirgeacht agus i modhanna soláthair.
- Teorainn a chur le costais gníomhaíochta tráchtála nó iad a laghdú chun cur le brabúsacht.
- Feabhas a chur ar sheirbhís custaiméara trí chur i bhfeidhm ar chórais bogearraí CRM (Bainistiú an Chaidrimh le Custaiméirí).
- Sainmheon custaiméir-lárnach a chur chun cinn i ngníomhaíochtaí uile Met Éireann.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Meánmhéadú bliantúil 5% i dtéarmaí réadacha in ioncam tráchtála don tréimhse 2005-2007.
- Feabhas suntasach agus inmheasta ar bhrabúsacht.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Rannóg Tráchtála, Réamhaisnéis Ghinearálta***

**5.2 Cuspóir:** Straitéis Tráchtála a Athbhreithniú

**Straitéis:**

- Iniúchadh a dhéanamh ar an ngníomhaíocht tráchtála reatha agus ar fhéidearthachtaí ar chóir tús áite a thabhairt dóibh sa tréimhse agus plean gníomhaithe a cheapadh.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Athbhreithniú a dhéanamh agus plean gníomhaithe a bheith tiomsaithe roimh dheireadh 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Rannóg Tráchtála.***

**5.3 Cuspóir:** Leanúint ag cur leis an raon táirgí agus seirbhísí a sholáthraítear do na custaiméirí.

**Straitéis:**

- o Cur leis an raon táirgí agus na táirgí sin, mar aon le seirbhísí reatha eile, a chur ar fáil go leictreonach.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o Seirbhísí nua agus seirbhísí reatha a chur ar fáil go leictreonach.

- o Cur leis an ioncam ó fhoinsí ríomhmheáin nua.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Réamhaisnéis Ghinearálta, Seirbhísí Eitlíochta, Clíomeolaíochta & Breathnadóireacht, Teicneolaíocht Faisnéise, Rannóg Tráchtála.***

**5.4 Cuspóir**: Socruithe comhoibritheacha nua i ngníomhaíochtaí tráchtála le seirbhísí Meitéareolaíochta Eorpacha a aimsiú agus na féidearthachtaí a chíoradh

**Straitéis:**

Féidearthachtaí iomchuí a mheas le haghaidh tionscadail tráchtála oiriúnacha i gcomhar leis an Oifig Meitéareolaíochta sa Bhreatain agus le seirbhísí Eorpacha eile agus tabhairt faoi dheiseanna a shainaithnítear.

***Príomhrannóg rannpháirteach: Rannóg Tráchtála***

# 6. Monatóireacht Comhshaoil agus Gheoifisiceach

## 6. Sprioc Ardleibhéil

***Sraith clár monatóireachta comhshaoil agus geoificisí a chur i gcrích ag teacht lenár bhfeidhmeanna meitéareolaíochta.***

**6.1 Cuspóir:** Cláir mhonatóireachta comhshaoil cuí a chur i gcrích.

**Straitéisí:**

- I bhfianaise an athbhreithnithe a rinne an Eagraíocht Meitéareolaíochta Domhanda i 2005 ar an obair a dhéanann Met Éireann ar mhaithe leis an bhFaire Atmaisféir Dhomhanda, is gá athreithniú a dhéanamh ar an gclár monatóireachta reatha leis an EPA agus le heagraíochtaí eile agus an clár a leasú mar is gá.

- An ghné anailíse saotharlainne den chlár a fhorbairt ag teacht le ceanglais náisiúnta agus le treoirlínte idirnáisiúnta.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Leibhéal spéise a chothú i measc úsáideoirí sonraí, idir úsáideoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Ionstraimíocht & Monatóireacht Comhshaoil.***

**6.2 Cuspóir:** Clár monatóireachta geoifisicí a chur i gcrích.

**Straitéisí:**

- Leanúint leis na cláir tomhais i ngrianradaíocht, maighnéadaic an domhain, seismeolaíocht agus feineolaíocht.

- Coinneáil suas le forbairtí náisiúnta agus idirnáisiúnta sna réimsí seo.

- Socruithe comhoibríocha a lorg le hionaid eile.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Leibhéal spéise a chothú i measc úsáideoirí sonraí, idir úsáideoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Ionstraimíocht & Monatóireacht Comhshaoil.***

# 7. Bonneagar Meitéareolaíochta

## 7. Sprioc Ardleibhéil

***Bonneagar teicniúil a chothabháil agus a fheabhsú do Met Éireann a tacaíonn leis na hearraí a tháirgeann sé.***

**7.1 Cuspóir:** Leanúint leis an obair atá ar bun líonra faisnéise aimsire uathoibríoch a chur i bhfeidhm in ionad na stáisiún le foireann.

**Straitéisí:**

- Plean Gníomhaithe sonrach a tabhairt chun míneadais, faoi dheireadh Ráithe 1, 2006, i gcomhchomhairle le gach páirtí leasmhar, le trealamh uathoibríoch a shuiteáil sa líonra sionoptach de stáisiúin le foireann (seachas sna haerfoirt agus i Réadlann Dhairbhre), le gach gné theicniúil san áireamh.

- Na cinntí deireanacha go léir a ghlacadh maidir le cá mbeidh na stáisiúin uathoibríocha lonnaithe (Ráithe 1, 2006).

- Aon trealamh riachtanach a shuiteáil sna hionaid a aontaítear, le bheith i gcrích faoi dheireadh 2007.

- Plean a sholáthar i Ráithe 2, 2006, don déabhlóid ar obair i measc na foirne atá fágtha sna hionaid sa líonra.

- An fhoireann atá ar fáil, toisc an clár uathoibríochta seo, a athlonnú chun acmhainní daonna sa bhreis a chur ar fáil do Rannóga tacaíochta eile.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Plean Gníomhaithe a bheith ann faoi Ráithe 1, 2006.

- Go mbeadh beartaithe faoi dheireadh Ráithe 1, 2006 ar shuíomh agus ar chúrsaí Acmhainní Daonna na n-ionad.

- Tascanna teicniúla riachtanacha a bheith i gcrích chun gur féidir an tsuiteáil a bheith i gcrích faoi dheireadh 2007.

- Suiteáil a dhéanamh ar Stáisiúin Uathoibríocha Aimsire agus iad a chur sa tsiúl le linn 2006 agus 2007.

- Gan aon chur isteach ar sholáthar sonraí ó na stáisiúin fad is atá na córais nua á gcur isteach.

- Plean déabhlóide oibre curtha ar fáil faoi dheireadh Ráithe 2, 2006

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht.***

**7.2 Cuspóir:** Cothabháil agus feabhsú a dhéanamh ar chaighdeán, ar cháilíocht agus ar chostéifeacht na dtomhas atmaisféarach a dhéanann líonra stáisiún breathnadóireachta Met Éireann chun tacú leis na riachtanais réamhaisnéise agus clíomeolaíochta fíor-ama

**Straitéisí:**

- Leanúint leis na cláir oibriúcháin ar thuairisciú aeir uachtaraigh agus aimsire dromchla.
- Leanúint leis an dul chun cinn, chomh fada agus is féidir, ar an tionscadal TUCSON agus na stáisiúin uathoibríocha aimsire a chur sa tsiúl.
- An líonra comhoibritheach stáisiún breathnadóireachta a chothabháil.

**Príomhtáscairí Feidhmíochta:**

- Feidhmiú céimneach ar stáisiúin TUCSON ag ráta atá i gcomhréir leis an tús áite a thugtar don líonra sionoptach uathoibrithe.
- Teacht ar shonraí ar ardchaighdeán ó líonra sionoptach, deonach agus comhoibritheach, ag comhlíonadh na gcaighdeán a aontaíodh.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Ionstraimíocht & Monatóireacht Comhshaoil, Clíomeolaíocht & Breathnadóireacht.***

**7.3 Cuspóir:** Straitéis nua TFC a fhorbairt do Met Éireann don tréimhse 2006-2007.

**Straitéisí:**

- Cuspóirí straitéise TFC a shainmhíniú agus grúpa straitéise TFC a chur ar bun le téarmaí tagartha soiléire, faoi dheireadh Ráithe 2, 2006.
- An-bhéim a leagan, sa cháipéis straitéise, ar dhearcaí agus ar riachtanais na n-úsáideoirí TFC agus ar an ról atá ag TFC sa tseirbhís, do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Cuspóirí leagtha síos agus grúpa straitéise TFC curtha ar bun faoi lár 2006.
- Cáipéis straitéise TFC curtha i gcrích faoi dheireadh 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Teicneolaíocht Faisnéise***

**7.4 Cuspóir:** Clár a chur i bhfeidhm don nuachóiriú ar bhonneagar TFC Met Éireann.

**Straitéisí:**

- o An soláthar foirne TFC atá ag teastáil a shainaithint i ngach cuid de Met Éireann agus na folúntais sin go léir a líonadh.

- o Clár caiteachais chaipitiúil a cheapadh agus a chur i bhfeidhm, bunaithe ar na cuspóirí sa Straitéis TFC (2006-2007) a luaitear i 7.3 thuas.

- o Plean Náisiúnta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm do chóidfhormáidí táblacha de réir mholtaí agus amscálaí WMO.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o Clár a cheapadh faoi lár 2006 agus tús curtha leis an gcur i bhfeidhm faoi dheireadh 2006.

- o Plean M-TDCF ullmhaithe agus aontaithe le páirtithe leasmhara faoi dheireadh Ráithe 2, 2006.

- o Plean M-TDCF curtha i bhfeidhm do shonraí breathnadóireachta uile na hÉireann faoi dheireadh 2007, ar a dhéanaí.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Teicneolaíocht Faisnéise.***

**7.5 Cuspóir:** Clár a chur i bhfeidhm le bonneagar ionstraimíocht mheitéareolaíochta agus gheoifisiceach Met Éireann a nuachóiriú.

**Straitéis:**

- o Clár caiteachais chaipitil a cheapadh agus a chur i bhfeidhm d'ionstraimíocht mheitéareolaíochta, chomhshaoil agus gheoifisiceach uile Met Éireann. .

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o A léiriú gur chuir an clár seo le héifeachtacht agus le tíosacht Met Éireann.

- o Trealamh a shuiteáil de réir sceidil agus ag comhlíonadh na gcaighdeán feidhmíochta.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Ionstraimíocht & Monatóireacht Comhshaoil.***

**7.6 Cuspóir:** Gach riosca bonneagair a shainaithint agus beartú ar na riachtanais le haghaidh Pleananna Leanúnachais Ghnó agus/nó Pleananna Téarnaimh Anachaine don eagraíocht.

**Straitéis**:

- Grúpa Oibre a chur ar bun i Met Éireann chun na rioscaí a shainaithint a bhaineann leis an méadú atá ag teacht ar an spleáchas ar theicneolaíocht agus ar lárchórais uathoibríocha agus beartú ar na riachtanais do Pleananna Leanúnachais Ghnó agus do Phleananna Téarnaimh Anachaine don eagraíocht.

- "Pointí Aonair Teipe" (SPOF) a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus treoir a thabhairt don fhoireann maidir lena bhfuil orthu a dhéanamh má tharlaíonn teip dá leithéid.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Easnaimh bonneagair a shainaithint agus treoirlínte soiléire a chur ar fáil don fhoireann maidir lena bhfuil orthu a dhéanamh nuair nach bhfuil áiseanna riachtanacha ar fáil (m.sh. easpa rochtana ar fhoirgneamh na Cheanncheathrún) ar feadh tréimhsí fada.

- Pleananna Leanúnachais Ghnó agus/nó Pleananna Téarnaimh Anachaine a bheith aontaithe le páirtithe leasmhara.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht.***

# 8. Misean, Stádas agus Comhchaidreamh Met Éireann leis an RCORA agus leis an Rialtas.

## 8. Sprioc Ardleibhéil

***Go mbeadh ar chumas Met Éireann cur go héifeachtach le baint amach chuspóirí an Rialtais i réimsí comhshaoil ginearálta.***

**8.1 Cuspóir:** A chinntiú go ndéanann Met Éireann a chuid go héifeachtach tríd an eolas riachtanach a sholáthar don Rialtas agus feidhmiú i mbealach a thacaíonn le polasaithe Rialtais.

**Straitéis:**
- o Bearta a ghlacadh a chinntíonn go dtuigtear na himpleachtaí a bheadh ag gach polasaí ábhartha Rialtais agus go ndéantar iad sin a chomhshnaidhmeadh le próisis phleanála.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**
- o Go mbeadh gach polasaí Rialtais comhshnaidhmtha le próisis phleanála.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht.***

**8.2 Cuspóir:** A chinntiú go sainaithnítear gach saincheist Idir-Rannach a bhaineann le Met Éireann agus go dtéitear i ngleic leis na saincheisteanna sin.

**Straitéis:**
- o Seirbhísí a shainaithint a sholáthraítear do Ranna agus do ghníomhaireachtaí eile nó a fhaightear ó na Ranna/Gníomhaireachtaí sin agus éifeachtú mar is gá.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**
- o An tasc seo a chur i gcrích faoi dheireadh 2007.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint.***

**8.3 Cuspóir:** Leanúint ag cothú caidreamh éifeachtach oibre leis an RCORA

**Straitéisí:**

- Tuiscint níos fearr a chothú ar an gcaidreamh idir Met Éireann agus an chuid eile den Roinn agus féachaint le go mbeadh an tuiscint chéanna ag an bhfoireann sa dá eagraíocht.

- Cur leis an gcomhoibriú ag gach leibhéal i gcúrsaí ar nós Bainistiú Acmhainní Daonna, Airgeadas agus Cuntais, TFC agus an cur chuige maidir le saincheisteanna comhshaoil.

- Féachaint le comhoibriú a chur ar bun i réimsí ar nós athrú aeráide agus monatóireacht comhshaoil.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Caidreamh oibre socair a bheith ann le gach aonad ábhartha.

- Níos mó comhoibrithe.

- Naisc chuí a chur ar bun.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht, Riarachán & Oiliúint, Clíomeolaíocht & Breathnadóireacht, Teicneolaíocht Faisnéise.***

**8.4 Cuspóir:** Leanúint leis an athbhreithniú ar oiriúnacht stádas reatha Met Éireann mar Rannóg Líne de chuid Roinne Rialtais.

**Straitéisí:**

- Bunaithe ar iniúchtaí a rinneadh go dtí seo, eolas nuashonraithe agus forbairtí nua amhail Aonspéir Eorpach, Met Éireann a bheith cothrom le dáta sna cúrsaí sin faoi lár 2006.

- Oibriú i gcomhar leis an RCORA maidir le toradh an méid a luadh thuas.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Tuarascáil a chur ar fáil faoi lár 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht, Riarachán & Oiliúint.***

**8.5 Cuspóir:** Go mbeadh an maoiniú a chuirtear ar fáil do Met Éireann tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil níos oiriúnaí d'oibríochtúlacht na Seirbhíse.

**Straitéis:**

Tograí a cheapadh, faoi dheireadh Ráithe 1, 2006, do shocruithe maoinithe, ceadú tarmligthe san áireamh, agus iarracht a dhéanamh iad seo a aontú leis an RCORA.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Togra a chur ar fáil faoi dheireadh Ráithe 1, 2006.
- Comhaontú ar shocruithe buiséid nua a bheith i gcrích faoi Ráithe 3, 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht, Riarachán & Oiliúint.***

# 9. Saincheisteanna Thuaidh-Theas agus Comhoibriú Idirnáisiúnta

## 9. Sprioc Ardleibhéil

***Féachaint le comhoibriú a chothú le seirbhísí Meitéareolaíochta Breatnacha agus Eorpacha eile d'fhonn cur le héifeachtacht Met Éireann agus chun tabhairt faoi chuspóirí Rialtais maidir le Comhaontú na Breataine-na hÉireann.***

**9.1 Cuspóir:** Leanúint leis an dlúthchomhoibriú atá ann idir Met Éireann agus Oifig Meitéareolaíochta na Breataine.

**Straitéis:**

- Naisc reatha a chothú agus a fhorbairt le malartáin sonraí agus sochar a bhaint as deiseanna nua áit a d'féadfaí sochar a bhaint as comhoibriú sa bhreis.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Leanúint leis an dea-chaidreamh agus leis an gcomhoibriú atá ann lenár gcomhghleacaithe i dTuaisceart Éireann agus i gCeanncheathrú Meitéareolaíochta na Breataine. .

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Gach Rannóg.***

**9.2 Cuspóir:** Iniúchadh a dhéanamh ar na féidearthachtaí go léir atá ann comhoibriú déthaobhach a bheith ann le hOifig Meitéareolaíochta na Breataine agus le seirbhísí meitéareolaíochta Eorpacha eile.

**Straitéisí:**

- Deiseanna a aimsiú le haghaidh tionscadail chomhoibríocha.
- Cur chuige comhoibritheach a chur chun cinn i measc na Seirbhísí Meitéareolaíochta Náisiúnta Eorpacha maidir leis an tionscadal Aonspéir Eorpach.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Leanúint ag aimsiú tionscadail oiriúnacha.
- Gach deis a thapú cur chuige comhoibritheach Eorpach a chur chun cinn maidir leis an SES.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Rannóg Tráchtála, Seirbhísí Eitlíochta.***

**9.3 Cuspóir:** Sochar a bhaint as an gcomhoibriú inmheánach agus cur leis an gcomhoibriú sin i réimse na meitéareolaíochta.

**Straitéisí:**

- Ballraíocht ghníomhach a choinneáil le WMO, ECMWF, EUMETSAT, EUMETNET, HIRLAM agus le tionscnaimh idirnáisiúnta chuí eile.

- Oibriú go gníomhach chun go n-éireodh leis na cláir satailíte EUMETSAT MSG agus EPS.

- Leanúint leis an rannpháirtíocht sa phróiseas daingnithe atá ar bun ag Éire sa Choinbhinsiún nua ECMWF.

- Oibriú ar mhaithe le cur i bhfeidhm sásúil ar na cláir EUMETNET agus ceadú cuí a fháil do Met Éireann ballraíocht a ghlacadh leis an EUMETNET EIG nua.

- Feidhm a bhaint as Met Alliance chun bheith níos éifeachtaí ag soláthar seirbhísí eitlíochta.

**Príomhtháscaire Feidhmíochta:**

- Leanúint leis an rannpháirtíocht sna heagraíochtaí agus sna tionscnaimh mheitéareolaíochta idirnáisiúnta phríomhshrutha agus sochar leanúnach a bhaint as an rannpháirtíocht sin.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Gach Rannóg.***

# 10. Clár Nuachóirithe na Státseirbhíse agus Inniúlacht Inmheánach a Thógáil

## 10. Sprioc Ardleibhéil

***Feidhm a bhaint as gach gné de chlár nuachóirithe na Státseirbhíse chun feabhas a chur ar éifeacht Met Éireann agus forbairt a dhéanamh ar phoitéinseal na foirne.***

**10.1 Cuspóir:** Struchtúr grádaithe nua "aontaithe" a chur i bhfeidhm i Met Éireann, agus é a chomhaontú leis na ceardchumainn, ionas go mbeadh gráid Rannacha agus gráid Seirbhíse Ginearálta san áireamh.

**Straitéisí:**

- Leanúint ag cíoradh na saincheiste seo ar gach bealach is féidir, modhanna IR agus Comhairle Comhpháirtíochta san áireamh.
- Grúpa oibre ardleibhéil a cheapadh chun an cuspóir seo a bhrú ar aghaidh.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Grúpa oibre a chur ar bun faoi dheireadh Ráithe 1, 2006.
- Tuarascáil a bheith ann ón ngrúpa oibre i Ráithe 4, 2006 agus tús curtha leis an gcur i bhfeidhm i Ráithe 3, 2007.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Comhairle Comhpháirtíochta.***

**10.2 Cuspóir:** Leanúint leis an bhforbairt agus leis an gcur i bhfeidhm ar thionscnaimh nuachóirithe.

**Straitéisí:**

- Cur le húsáid éifeachtach tíosach na n-acmhainní foirne chun cuspóirí Met Éireann a bhrú ar aghaidh trí chur i bhfeidhm ar an Straitéis Acmhainní Daonna.
- A chinntiú go gcuirtear na bearta Cothromaíocht Oibre/Baile i bhfeidhm le haird chuí ar riachtanais na foirne agus na Seirbhíse araon.
- Leanúint leis an bhforbairt ar an gcóras PMDS agus aiseolas aníos a chur i bhfeidhm mar bhunchuid den phróiseas faoi Ráithe 1, 2006.
- Comhtháthú ar PMDS agus Bainistiú AD a chur i bhfeidhm mar a leagadh amach sa Tuarascáil Aontaithe 1452.

- A chinntiú go ndéantar an córas PMDS a neadú i bpleanáil straitéiseach na heagraíochta.

- Ráiteas Straitéise Met Éireann a choinneáil cothrom le dáta mar a thagann athrú ar chúinsí agus Pleananna Gnó bliantúla a chur ar fáil don eagraíocht ina iomláine agus do Rannóga ar leith.

- Leanúint leis an bhforbairt ar choincheap na comhpháirtíochta i Met Éireann ar mhaithe le héifeachtacht na heagraíochta. Comhairle Comhpháirtíochta beoga a bheith ann, ag obair i bhfrámaíocht chomhpháirtíochta RCORA agus próiseas comhpháirtíochta a bheith mar chuid de gach próimhréimse d'fhorbairt Met Éireann.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Dul chun cinn inmheasta a bheith ann i gcur i bhfeidhm na Straitéise AD.

- Bearta maidir le Cothromaíocht Oibre/Saoil a chur i bhfeidhm gan laghdú ar aschur na heagraíochta.

- An fhoireann go léir a bheith rannpháirteach go hiomlán sa chóras PMDS.

- Ráiteas Straitéise agus Pleananna Gnó a léiríonn go réadúil cúrsaí mar atá siad i láthair na huaire agus go mbeidís ar fáil don fhoireann.

- Aitheantas a thabhairt don méid ama a chaitear ag feidhmiú ar an gComhairle Comhpháirtíochta agus a aithint gur obair úsáideach é ar mhaithe leis an eagraíocht.

- Aiseolas aníos a bheith comhtháite leis an PMDS faoi Ráithe 1, 2006.

- Tuarascáil Aontaithe 1452 curtha i gcrích go hiomlán i 2007

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Comhairle Comhpháirtíochta.***

**10.3 Cuspóir:** Leanúint ag cur feabhais ar chumarsáid, lasmuigh agus laistigh de Met Éireann.

**Straitéisí:**

- Feidhm cumarsáide laistigh de Met Éireann a neartú d'fhonn feabhas a chur ar éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus seachtraí.

- Feabhas a chur ar an gcomhordú ar theagmháil Met Éireann leis na meáin agus leis an saol mór agus a bheith

réamhghníomhach i dteagmhálacha dá leithéid nuair a bhaineann sé le faisnéis aimsire.

- Faoi dheireadh 2006, seirbhís ghréasáin amháin do Met Éireann a chur ar bun chun eolas a scaipeadh ar an bhfoireann go léir.

- Áiseanna leabharlainne Met Éireann a chothabháil agus a choinneáil suas chun dáta mar shócmhainn luachmhar taighde, faisnéise agus cumarsáide don fhoireann agus mar Leabharlann Meitéareolaíochta Náisiúnta d'Éirinn.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Feabhas a chur ar chumarsáid leis na meáin agus ar chur i láthair aschur Met Éireann.

- Go mbeadh seirbhís ghréasáin inmheánach ann a ndéantar bainistíocht uirthi chun go mbeadh gluaiseacht éasca faisnéise ann.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Taighde & Feidhmiú, Teicneolaíocht Faisnéise, Faisnéis Ghinearálta, Rannóg Tráchtála***

**10.4 Cuspóir:** Éifeachtú a dhéanamh ar fheidhm réamhaisnéise Met Éireann agus mar aidhm againn feabhas a chur ar na seirbhísí réamhaisnéise uile, d'fhonn éifeachtacht a bhaint amach agus bheith brabúsach mar eagraíocht réamhaisnéise tráchtála.

**Straitéis:**

- Céimeanna a ghlacadh chun feabhas a chur ar éifeachtacht na feidhme réamhaisnéise in oifigí GFD agus ASD agus chun scaradh a dhéanamh ar fheidhmeanna laistigh den réamhaisnéis GFD.

- Feabhas a chur ar an gcomhoibriú agus ar an gcomh-inoibritheacht idir na hoifigí réamhaisnéise GFD agus ASD.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- Sainbhearta a chur i bhfeidhm faoi dheireadh 2006.

- Leanúint leis an bhforbairt ar an tionscnamh atá ann chun cur le héifeachtacht na feidhme réamhaisnéise.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Réamhaisnéis Ghinearálta, Teicneolaíocht Faisnéise, Taighde & Feidhmiú.***

**10.5 Cuspóir:** An teicneolaíocht is nua-aimseartha a fháil agus feabhas a chur ar chúrsaí eagrúcháin i réimse airgeadais agus foirne.

**Straitéisí:**

- o Comhoibriú leis an RCORA i bhfeidhmiú agus i bhforbairt éifeachtach ar bhainistíocht airgeadais agus ar chórais bhainistíochta Acmhainní Daonna, chun a chinntiú go gcomhlíonann Met Éireann na dualgais atá de cheangal air sna réimsí sin.

- o Beartú ar an soláthar foirne atá de dhíth ar Met Éireann chun tacú le gach gné den chóras MIF agus chun an córas sin a chothabháil.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o Tuarascálacha airgeadais feabhsaithe a chur ar fáil don bhainistíocht faoi Ráithe 1, 2006.

- o Taifid Saoire Bhliantúil agus Saoire Bhreoiteachta a bheith ar PeopleSoft faoi Mheán Fómhair 2005

- o Taifid stairiúla foirne ar PeopleSoft a bheith fíoraithe faoi dheireadh Ráithe 1, 2006

- o Athbhreithniú ar nósanna imeachta airgeadais áitiúla Met Éireann; nósanna imeachta leasaithe curtha i bhfeidhm ina n-iomláine agus i scríbhinn faoi Ráithe 2, 2006.

- o Gach gné den MIF ag feidhmiú faoi dheireadh 2006

- o Acmhainní Rannóg na gCuntas daingnithe chun ag teacht leis an méadú ar an ualach oibre toisc cur i bhfeidhm an chórais MIF.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Teicneolaíocht Faisnéise.***

**10.6 Cuspóir:** A chinntiú go bhfuil cóiríocht oiriúnach ann don fhoireann i ngach suíomh ag Met Éireann.

**Straitéisí:**

- o I 2006, iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht oibre ó taobh glaineachta, oiriúintí, compoird, agus leibhéil sábháilteachta de.

- o Easnaimh a shainaithint sa chóiríocht reatha agus sna caighdeáin inmhianaithe; amchlár a chur ar fáil, faoi dheireadh 2006, chun réiteach a fháil ar na heasnaimh sin.

- o Plean chun cothabháil agus feabhsúchán cóiríochta a chur ar fáil, ar bhonn leanúnach.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o Iniúchadh a bheith i gcrích agus amchlár a bheith sainithe faoi dheireadh 2006.
- o Pleananna bliantúla a chur ar fáil.
- o Dul chun cinn inmheasta ar chur i bhfeidhm an amchláir.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Comhairle Comhpháirtíochta.***

**10.7 Cuspóir:** Oiliúint a bheith ag teacht le riachtanais na heagraíochta agus níos mó rochtana agus feasachta oiliúna agus forbartha a bheith ar fáil.

**Straitéisí:**

- o Plean Oiliúna a chur ar fáil bunaithe ar na riachtanais oiliúna agus forbartha a sainaithníodh sa phróiseas PMDS; ní mór don phlean seo aghaidh a thabhairt ar gach gné oiliúna a bhaineann le riachtanais ghnó Met Éireann.
- o Buiséad iomlán oiliúna a leithdháileadh gach bliain; soláthar do tháillí cúrsaí, taistil agus cothabhála san áireamh agus aon ragobair atá déanta.
- o Feasacht níos forleithne a bheith ann i measc na foirne i Met Éireann maidir leis na deiseanna oiliúna atá ar fáil dóibh trí eolas a scaipeadh ar sholáthar oiliúna agus conas teacht ar an oiliúint sin.
- o Sprioc a bhaint amach 4% den chostas bliantúil párolla a chaitheamh ar oiliúint agus ar fhorbairt, mar a bhí leagtha amach sa Chomhaontú 'Sustaining Progress.'

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**

- o Pleananna oiliúna leanúnacha a léiríonn le riachtanais na heagraíochta agus leibhéal maith cur i bhfeidhm ar na pleananna seo.
- o Feasacht i measc na foirne uile faoi dheiseanna oiliúna.
- o Go mbeadh modh ann chun am a leithdháileadh le haghaidh oiliúna, féinfhorbartha agus níos mó rannpháirtíochta.
- o 4% den phárolla a chaitheamh ar oiliúint agus ar fhorbairt.
- o Sainoiliúint a sholáthar atá de dhíth ar rannóga chun a chur ar a gcumas a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint.***

**10.8 Cuspóir:** Comhoibriú leanúnach leis an Ionad Meitéareolaíochta agus Aeráide i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath ag é mar aidhm a chinntiú go bhfuil cúrsaí acadúla sa mheitéareolaíocht ar fáil, a rachadh chun sochair d'earcaíocht, d'oiliúint agus do thionscadail chomhoibríocha Met Éireann.

**Straitéisí:**
- Leanúint leis an gcomhaontú comhoibritheach le UCD chun a chinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais Met Éireann.

- Leanúint orainn ag fostú mac léinn fochéime ar thionscadail ghearrthéarmacha trína rannpháirtíocht i scéimeanna socrúcháin fostaíochta – scéimeanna a ndéanann coláistí tríú leibhéal comhordú orthu.

**Príomhtháscairí Feidhmíochta:**
- Cruinnithe a reáchtáil gach bliain le UCD chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Ionaid.

- Sochair a bhaintear as oiliúint ar phearsanra Met Éireann agus as na tionscadail chomhoibríocha.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Stiúrthóireacht, Taighde & Feidhmiú.***

**10.9 Cuspóir:** A chinntiú go gcaitheann Met Éireann go comhionann lena fhoireann agus lena chustaiméirí uile.

**Straitéis:**
- Polasaí na státseirbhíse ar Chomhionannas/Éagsúlacht, “*A Positive Working Environment”* a chur i bhfeidhm

- Oiliúint a chur ar an bhfoireann uile i leith Comhionannais/Éagsúlachta

**Príomhtháscairí Feidhmíocha:**
- Atmaisféar a bheith ann a chuireann comhionannas agus éagsúlacht chun cinn.

- Oiliúint a bheith ar an bhfoireann uile sna cúrsaí seo faoi dheireadh Ráithe 1, 2006.

***Príomhrannóg(a) Rannpháirteach: Riarachán & Oiliúint, Comhairle Comhpháirtíochta.***

## Tosca Riachtanacha chun go mbeadh Rath ar an Obair

Tá gnéithe áirithe riachtanach le go mbainfí amach na straitéisí agus na príomhtháscairí feidhmíochta atá thuasluaite.

Ní mór líon foirne agus leibhéil mhaoinithe chuí a bheith ann chun na hacmhainní seo a bhainistiú go héifeachtach. Is ar bhainistíocht Met Éireann atá an dualgas an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil. D'fhéadfadh drochthionchar a bheith ag éilimh ar an eagraíocht i réimsí nach bhfuil acmhainní ann dóibh, cé go ndéanfar gach iarracht, ar ndóigh, freastal ar na héilimh phráinneacha.

Cuirfear bac le baint amach na gcuspóirí mura gcuirtear ar fáil na sainmhínithe oifigiúla ar ról Seirbhíse Poiblí, ról tráchtála agus stádas eagrúcháin Met Éireann laistigh d'achar ama gairid go leor.

Ní mór caidreamh éifeachtach a bheith ann le custaiméirí agus cumas agus toilteanas a bheith ann freagairt dá riachtanais, má táthar chun caighdeán agus oiriúnacht na n-aschur a choinneáil.

Is gá cur lenár n-éifeachtacht i soláthar táirgí agus seirbhísí, chomh maith le hardchaighdeán faisnéise tráchtála, má táthar chun níos mó ioncaim a fháil i réimsí tráchtála.

Is tionscadal mór é an trealamh uathoibríoch a shuiteáil sa líonra stáisiún meitéareolaíochta. Chun go n-éireoidh leis an tionscadal seo ní mór dóthain acmhainní foirne a bheith ann i réimsí teicniúla agus leibhéal ard comhoibrithe a fháil ó pháirtithe leasmhara Met Éireann. Ní mór dúinn bealaí solúbtha agus nuálaíocha a aimsiú chun déileáil leis na saincheisteanna AD agus teicniúla go léir a thiocfaidh chun cinn. Beidh gá freagraí dearfacha a fháil ar iarratais phleanála chomh maith ón OPW, ón RCORA agus ó ghníomhaireachtaí stáit eile.

Mar chuid den straitéis seo tá feabhas á chur ar chumarsáid sheachtrach agus inmheánach araon agus táimid brú ar aghaidh leis an gcur i bhfeidhm ar an gcóras PMDS. Chun iad seo a bhaint amach caithfear a bheith toilteanach ag gach leibhéal den eagraíocht tabhairt faoi níos mó malartú eolais agus tacú leis an PMDS, go háirithe ag leibhéil níos airde.

Beidh dea-chumarsáid agus comhoibriú le heagraíochtaí eile riachtanach chun roinnt mhaith de na straitéisí thuasluaite a bhaint amach, an RCORA, Ranna Rialtais eile agus eagraíochtaí meitéareolaíochta ar nós WMO agus ECMWF ina measc. Braithfidh siad seo ar thoilteanas na ndaoine sna heagraíochta eile tabhairt faoi fhiontair chomhoibritheacha agus bheith sásta feidhmiú ar bhealaí éagsúla.

Tá feabhsú leibhéil scileanna chomh tábhachtach céanna le líon foirne a choinneáil. Chun é sin a bhaint amach ní mór don fhoireann agus don bhainistíocht araon bheith toilteanach dul i mbun bealaí éagsúla sealbhaithe scileanna agus na scileanna nua seo a mhúineadh do dhaoine eile.

Ar cheann de na straitéisí seo tá athrú ar an struchtúr grádaithe laistigh de Met Éireann. Cé go rabhthas ag smaoineamh tabhairt faoina leithéid le tamall anuas, ní dhearnadh aon dul chun cinn ina leith. Ionas go mbainfí amach an straitéis seo ní mór don lucht bainistíochta, don fhoireann agus do na ceardchumainn féidearthachtaí nua a iniúchadh go hoscailte le spiorad na comhpháirtíochta.

Ráiteas Straitéise Met Éireann 2005 – 2007

# Gluais

| | |
|---|---|
| AD | Acmhainní Daonna |
| C4I | Comhchoiste Athrú Aeráide na hÉireann (Community Climate Change Consortium for Ireland) |
| ECMWF | European Centre for Medium-Range Weather Forecasts |
| EGOS | European Group on Ocean Stations |
| EPA | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Environmental Protection Agency) |
| EU INTERREG | Maoiniú Idir-Réigiún AE (EU Inter-Regional Funding) |
| EUCOS | Córas Breathnadóireachta Ilchodach EUMETNET (EUMETNET Composite Observing System) |
| EUMETNET | The Network of European Meteorological Services |
| EUMETSAT | European Organisation for the Exploitation of Meteorological Satellites |
| FIR | Limistéar Faisnéise Eitilte (Flight Information Region) |
| FTP | Prótacal Aistrithe Comhad (File Transfer Protocol) |
| HIRLAM | Samhail Limistéir Theoranta Ardtaifigh (High Resolution Limited Area Model) |
| IAA | Údarás Eitlíochta na hÉireann (Irish Aviation Authority) |
| IATA | International Air Transport Association |
| ICAO | International Civil Aviation Organisation |
| INTRA | Oiliúint Chomhtháite (Integrated Training) |
| M-TDCF | Aistriú chuig Códfhormáidí táblacha (Migration to table-driven code formats) |
| MIF | Frámaíocht Faisnéise Bainistíochta (Management Information Framework) |
| MMS | Teachtaireachtaí Ilmheán (Multi-Media Messaging) |
| MSG | Meteosat Dara Glúin (Satailít) ((Metostat Second Generation (satellite)) |
| NMS | Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta (National Meteorological Service) |
| NWP | Fáistiniú Uimhriúil Aimsire (Numerical Weather Prediction) |
| OTN | Olltáirgeacht Náisiúnta |
| PAS | Ceapacháin Seirbhíse Poiblí (Public Appointments Service) |
| PMDS | Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (Performance Management and Development System) |
| PRISM | Samhail Réamhfháistineach Muir Éireann (Predictive Irish Sea |

| | |
|---|---|
| | Model) |
| PRWS | Seirbhís Aimsire Ardtáille (Premium Rate Weather Service) |
| RCORA | An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil |
| SAF | Áis Feidhmithe Satailíte (Satellite Application Facility) |
| SES/ASE | Aonspéir Eorpach (Single European Sky) |
| SMI | Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (Strategic Management Initiative) |
| SMS | Seirbhís Gearrtheachtaireachtaí (Short Message System) |
| SPOFs | Pointí Aonair Teipe (Single Points of Failure) |
| TF | Teicneolaíocht Faisnéise |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| TUCSON | Líonra Aontaithe Clíomeolaíochta Sionptaí (The Unified Climatological and Synoptic Observing Network) |
| WAM | Tonnsamhail (Wave Model) |
| WMO | Eagraíocht Meitéareolaíochta Domhanda (World Meteorological Organisation) |